



Coláiste Aonad Bainistíochta:	Gnóthaí Acadúla COBÁC
Scoil Aonad:	Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD
Teideal an Phoist & Limistéar Ábhair (más ábhartha)	Teiripeoir Saothair Sinsearach
Tréimhse an Phoist:	Clúdach Cuspóir Sonraithe (saoire mháithreachais) (fad measta 11 mhí)
Grád:	Oifigeach Riaracháin I
Cnuasach Post agus Leibhéal Gairme	Oibríochtaí agus Bainistíocht Acadúil agus Clár - Leibhéal Gairme 4
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	JSF23-03-001
Bainisteoir Líne	Stiúrthóir um Rochtain agus um Foghlaim ar feadh an tSaoil nó a (h)Ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	019401
Riarthóir Acmhainní Daonna	Qiong Zhang

Achoimre ar an bPost:

Is é ról Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil (ALL) UCD ná tacaíocht a thabhairt don Ollscoil a bheith ina pobal scolártha éagsúil agus ionchuimsitheach. Mar chuid dár seirbhís tacaíochta do mhic léinn atá faoi mhíchumas, féadfadh mac léinn a atreorú chuig Teiripeoir Saothair le haghaidh saintacaíochta. Beidh an té a cheapfar ina bhall den fhoireann Rochtana agus Foghlama ar feadh an tSaoil níos leithne agus éascóidh sé nó sí tacaíocht, coinneáil, agus dul chun cinn mac léinn gannionadaithe trí réimse ionchur agus idirghabhálacha. Beidh an té a cheapfar freagrach go sonrach as cur chuige Teiripe Shaothair atá ar ardchaighdeán, duine-lárnach agus gairmdhírthe a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas. Cabhróidh an Teiripeoir Saothair Sinsearach leis an bhfoireann i gcoitinne chun measúnuithe ar riachtanais oideachais a chríochnú agus Socruithe Réasúnacha a sholáthar do mhic léinn atá ag clárú le haghaidh tacaíochta do dhaoine faoi mhíchumas. Oibreoidh an Teiripeoir Saothair Sinsearach laistigh de sheirbhís atá bunaithe ar fhianaise, a n-úsáidtear an tSamhail Duine-Timpeallachta-Ghairme inti. Soláthrófar Maoirseacht Chliniciúil agus oiliúint iomchuí.

Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

- Cabhrú leis an Oifigeach um Míchumas seirbhís tacaíochta a sholáthar do mhic léinn atá faoi mhíchumas.
- Freagracht as seirbhís teiripe saothair atá rúnda, dírithe ar mhic léinn agus gairm-dhírthe a dhearadh agus a sholáthar do mhic léinn a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte agus/nó deacrachtaí coirp/céadfacha acu in UCD, agus cur chuige idirghabhálacha atá bunaithe ar mheasúnú a sholáthar, ar bhonn duine le duine agus ar bhonn grúpa araon.
- Oiliúint agus maoirseacht chliniciúil a sholáthar do Theiripeoirí Saothair breise atá fostaithe i Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil.
- Freagrach as líon iomlán na gcásanna mac léinn faoi mhíchumas a leithdháileadh agus líon indibhidiúil na gcásanna mac léinn faoi mhíchumas a bhainistiú a d'atreoraigh Oifigeach um Míchumas nó a (h)ainmní chuig le haghaidh tacaíochta Teiripe Saothair.
- Cleachtas atá bunaithe ar fhianaise a chomhtháthú agus meastóireacht a dhéanamh go rialta ar an tseirbhís.
- Riachtanais na mac léinn a aithint agus cur chuige atá dírithe ar ghrúpaí agus ar dhaoine aonair a fhorbairt mar fhreagairt ar na riachtanais sin a aithníodh.
- Comhoibriú le mic léinn agus a spriocanna á leagan amach acu agus ina n-idirghabhálacha.
- Taifead a dhéanamh ar gach measúnú, idirghabháil, agus plean i gcomhar leis an mac léinn.

- Comhoibriú le mic léinn, le foireann UCD agus le heagraíochtaí seachtracha ó thaobh idirghabhálacha a phleanáil agus tacaíocht agus comhairle a sholáthar.
- Freastal ar sheisiúin mhaoirseachta le Maoirseoir Cliniciúil chun líon na gcásanna mac léinn, cur chuige a úsáideadh, agus forbairt seirbhíse a phlé.
- Oibriú faoin raon feidhme cleachtais Teiripe Saothair Éireannaí agus i gcomhréir leis na beartais agus nósanna imeachta seanbhunaithe laistigh de UCD.
- Caighdeán ghairmiúla i ndáil le rúndacht, eitic agus reachtaíocht a choimeád.
- An próiseas Measúnaithe Riachtanas a dhéanamh le mic léinn atá ag clárú le haghaidh tacaíocht mhíchumais chun Socruithe Réasúnacha agus tacaíochtaí iomchuí a bhunú.
- Mic léinn a threorú chuig tacaíochtaí agus acmhainní iomchuí laistigh de Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil UCD agus de thimpeallacht an choláiste i gcoitinne.
- Taighde agus tionscadail eile a spreagadh agus cur leo de réir mar a ordóidh an tOifigeach um Míchumas nó a (h)ainmní.
- Cabhrú leis an bhfoireann teagaisc agus leis na baill foirne socruithe a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas lena n-áirítear oiliúint a dhearadh agus a sholáthar de réir mar is gá.
- Ceardlanna agus clár a dhearadh agus a sholáthar do mhic léinn chun cabhrú leo na scileanna is gá a fhorbairt chun go n-éireoidh leo sa choláiste.
- Dul i mbun comhairle le Teiripeoirí Saothair eile in Earnáil an Ardoideachais agus ionadaíocht a dhéanamh do UCD ar Ghréasán na dTeiripeoirí Saothair in HEI.
- Ceisteanna coiteanna ó bhaill foirne agus ó mhic léinn a fhreagairt trí r-phost, ar an teileafón agus go pearsanta.
- Dualgais eile de cibé cineál a dhéanamh de réir mar a chinnfidh agus a ordóidh an Stiúrthóir Rochtana agus Foghlama ar feadh an tSaoil nó a (h)ainmní.

De réir mar a leanann Rochtain agus Foghlaim ar Feadh an tSaoil UCD ag leathnú agus ag forbairt, is dócha go mbeidh gá le solúbthacht maidir le leithdháileadh dualgas ar leith. Dá bhrí sin, níl sé beartaithe go mbeidh liosta na ndualgas a shonraítear thuas eisiach nó sriantach; féadfar dualgais a chur leis nó a tharraingt siar, de réir mar is gá.

Sainiúl don phost seo:

95 Oifigeach Riaracháin I_2010 (0172_X) Scála Tuarastail: €53,343 - €72,207 in aghaidh na bliana

Déanfar ceapachán ar scála agus de réir threoirilínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag <https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/>

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht ionchuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear uathu siúd a shamhlaíonn iad féin le haon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag <https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóir le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

Critéir Roghnúcháin

Tá Creat Cnuasach Post ag UCD, agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post agus tagann sé le Leibhéal Gairme 4. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na cumais feidhme agus na croíchumais a leagtar amach i gCreatlach na nGrúpaí Post ar fáil ar <https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

Éigeantach:

Taithí agus Cáilíochtaí

- 4-5 bliana de thaithí ghairmiúil ar a bheith ag obair i ról acadúil a bhaineann le bainistiú agus oibriú clár in eagraíocht mhór nó in institiúid tríú leibhéal.
- agus céim tríú leibhéal.
- Beidh cáilíocht sa Teiripe Saothair aige nó aici, beidh sé nó sí cláraithe le CORU (a rialaíonn Gairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh) agus beidh taithí aige nó aici ar an tsamhail duine-timpeallachta-ghairme a úsáideann OTanna ar fud earnáil an ardoideachais.
- Caithfidh iarrthóirí feacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú a léiriú.

Inniúlachtaí Feidhmiúla

- **Bainistíocht Sonraí (Leibhéal Oilteachta 3):** Eolas den scoth ar dhea-chleachtais bainistíochta sonraí agus cleachtais rialaithe sonraí.
- **Athléimneacht Oibríochtúil (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas cuimsitheach seasmhacht agus feidhmíocht a choinneáil i dtascanna laethúla agus gníomhú go héifeachtach faoi bhrú.
- **Tacaíocht, Treoir agus Comhairle (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas tacaíocht agus treoir a sholáthar do mhic léinn, don fhoireann teagaisc agus do bhaill fhoirne, agus cur amach agus inniúlacht a fhorbairt i ndáil le seirbhísí tacaíochta eile agus cathain is ceart leas a bhaint astu. Cumas oiliúint agus maoirseacht chliniciúil a sholáthar do Theiripeoirí Saothair breise atá fostaithe i Rochtain agus Foghlaim ar feadh an tSaoil.
- **Grinneas Teicniúil (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas maith eolas, scileanna agus breithiúnas teicniúil a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus a fheabhsú le toradh a bhaint amach nó le tascanna a chur i gcrích go héifeachtach nó chun feidhmíocht eagraíochtúil nó seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú.

Croíchumais

- **Caidrimh a Thógáil (Leibhéal Oilteachta 2):** Taithí ar a bheith ag obair i bhfoirne agus an cumas oibriú thar roinnt foirne ag an am céanna.
- **Cumarsáid Éifeachtach (Leibhéal Oilteachta 4):** Scileanna riaracháin, eagrúcháin agus cumarsáide den scoth. Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide an-éifeachtach, le cumas inléirithe comhoibriú le daoine laistigh agus lasmuigh den ollscoil agus caidreamh éifeachtach a chothú leo.
- **Athrú a Bhainistiú (Leibhéal Oilteachta 2)** Taithí ar phróisis a athbhreithniú agus seirbhís a fheabhsú go leanúnach.
- **Bainistíocht Tionscadail (Leibhéal Oilteachta 2):** Taithí ar anailís a dhéanamh ar shaincheisteanna casta, tuarascálacha a dhréachtú, cuir i láthair a dhéanamh, agus cur le tionscadail.
- **An Cumas Oibriú as do Stuaím Féin (Leibhéal Oilteachta 3):** Cumas gníomhú as do stuaím féin agus a bheith réamhghníomhach maidir le deiseanna agus réitigh a aithint. Taithí ar ualach oibre a chur in ord tosaíochta chun spriocdhátaí iomaíocha a chomhlíonadh agus cásobair chasta a bhainistiú.
- **Fócas Seirbhíse agus Nuálaíocht (Leibhéal Oilteachta 3):** Tuiscint chuimsitheach ar riachtanais éagsúla na mac léinn agus an cumas an tionchar oideachasúil atá ag míchumas ar mhac léinn a mheasúnú. An cumas oibriú le hábhar rúnda ar dhóigh cháiríseach; agus na caighdeáin ghairmiúla is airde a choimeád i gcomhréir le prótacail um Chosaint Sonraí.
- **Feacht Eagraíochta (Leibhéal Inniúlachta 3):** Eolas ar bheartais agus nósanna imeachta ollscoile. Eolas ar reachtaíocht iomchuí agus a cur chun feidhme (e.g. an tAcht um Míchumas 2005, an tAcht um Stádas Comhionann 2000 - 2008).
- Caithfidh iarrthóirí feacht ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a léiriú

- Taithí shuntasach de bheith ag obair le scoláirí ollscoile nó i suíomh oideachais.
- Taithí de bheith ag obair le raon grúpaí atá faoi ghannionadaíocht san ardoideachas.
- Solúbtha agus inoiriúnaithe maidir le tosaíochtaí iomadúla agus buaicphointí séasúracha a bhainistiú in ualach oibre na Seirbhíse.

Eolas Breise:

An Ollscoil:	https://www.ucd.ie/
Straitéis UCD 2025-2030: Teorainneacha A Shárú	https://strategy.ucd.ie/
An Coláiste/Aonad Bainistíochta:	https://www.ucd.ie/all/
An Scoil/Oifig Chláir/Aonad:	https://www.ucd.ie/registrar/ucdacademicaffairs/
Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD	https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:

Tabhair faoi deara go bhfuil an chuid seo roghnach. Seolfar iarratais chuig riarthóir Acmhainní Daonna sannta.

Ainm:	Dr Lisa Padden
Teideal:	Bainisteoir Clár
Seoladh r-phoist:	lisa.padden@ucd.ie